Comhairle AE

PRESS GA

PREASEISIÚINT
285/17
22/05/2017

# Rochtain phoiblí ar dhoiciméid na Comhairle: Tuarascáil 2016

Liostaítear corradh le 350 000 doiciméad ar chlár na Comhairle, agus is doiciméid phoiblí iad níos mó ná 70% acu agus is féidir iad a íoslódáil saor in aisce. Tá sé sin ar cheann de na príomhphointí sa tuarascáil ón gComhairle don bhliain 2016 maidir le rochtain ar dhoiciméid, a d'fhormheas an Chomhairle ar an 22 Bealtaine 2017.

Le linn 2016, cuireadh 22 671 doiciméad leis an gclár, ar doiciméid phoiblí iad 71%, nó 16 181 doiciméad, acu. Breathnaíodh ar chlár poiblí na Comhairle thart ar 380 000 uair agus mheall sé 9 % den trácht ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Is féidir le duine ar bith rochtain a iarraidh ar dhoiciméad ar chlár na Comhairle nach doiciméad poiblí cheana féin. Má dhiúltaítear rochtain i dtús báire, is féidir iarratas daingniúcháin a dhéanamh. In 2016, fuair an Chomhairle 2 342 iarraidh thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid agus 24 iarratas daingniúcháin, rud a d'fhág gur ghá 10 232 dhoiciméad a anailísiú. Tugadh rochtain iomlán ar 7 307 ndoiciméad (7 273 acu sin ag an gcéim tosaigh) agus rochtain pháirteach ar 556 dhoiciméad (501 ag an gcéim thosaigh). I gcás na ndoiciméad ar iarradh rochtain orthu, cuireadh corradh le 76% acu ar fáil go hiomlán, agus cuireadh níos mó ná 82% acu ar fáil go hiomlán nó go páirteach.

Diúltaíodh rochtain ar roinnt doiciméad ar bhonn cúiseanna dlisteanacha a leagtar amach i rialachán an Aontais maidir le rochtain ar dhoiciméid. Áirítear orthu sin go sonrach an gá le próiseas cinnteoireachta na Comhairle agus leas an phobail a chosaint maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta agus an tsláindáil phoiblí.

- Tuarascáil ón gComhairle 2016 maidir le rochtain ar dhoiciméid
- Déan cuardach sa chlár poiblí
- Doiciméad a iarraidh

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press